C/2026/1839

23.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12316 — IG4 GROUP / PETROBRAS / BRASKEM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1839)

1. An 11 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— IG4 Capital Partners Holding General Partner Ltd (in éineacht lena eintitis rialaithe 'IG4 Group', Geirsí),

— Petróleo Brasileiro S.A. ('Petrobras', an Bhrasaíl),

— Braskem S.A. ('Braskem', an Bhrasaíl).

Gheobhaidh IG4 Capital Partners Holding General Partner Ltd, trí eintitis chleamhnaithe Shine Equity LP arna moladh ag IG4 Group, agus Petrobras rialú comhpháirteach ar Braskem de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta malartach é IG4 Group atá dírithe ar mhargaí atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil straitéis aige atá dírithe ar athstruchtúrú casta airgeadais agus oibríochtúil agus ar chásanna sonracha.

— Is cuideachta ola agus gáis caipitil mheasctha é Petrobras ar leis 10 scaglann sa Bhrasaíl, san Oirdheisceart den chuid is mó, agus is é a oibríonn iad.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Braskem:

Oibríonn Braskem ardán peitriceimiceach comhtháite domhanda a chuimsíonn Críocha Mheiriceá, an Eoraip agus an Áise.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12316 — IG4 GROUP / PETROBRAS / BRASKEM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË